Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2025
(OR. en, es)

10698/25
PV CONS 33
SOC 448
EMPL 306
SAN 376
CONSOM 117
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

19 agus 20 Meitheamh 2025

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 19 MEITHEAMH 2025 (9.30)**

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10018/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 10174/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

FOSTAÍOCHT AGUS BEARTAS SÓISIALTA

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Treoir maidir le tréimhsí oiliúna** ❶ C 9936/25
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Thíolaic an Eastóin agus an Spáinn ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**4. Seimeastar Eorpach 2025** [2]

**(a) Ó Phrionsabail go Dul Chun Cinn: Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an chéad straitéis i gcoinne na bochtaineachta** 9420/25 + ADD 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'Ó Phrionsabail go Dul Chun Cinn: Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an chéad straitéis i gcoinne na bochtaineachta', ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**(b) Pacáiste an Earraigh**
*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir le pacáiste an Earraigh.

**(c) Nóta cothrománach maidir le Moltaí Tírshonracha** 9901/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha i ndáil le gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas é.

**(d) Measúnú ar na moltaí tírshonracha do 2025 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2024: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta** 9595/25 + ADD 1-3
*Formhuiniú*

D'fhormheas an Chomhairle an tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an measúnú ar mholtaí tírshonracha do 2025 agus cur chun feidhme na moltaí tírshonracha do 2024 mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

**(e) Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát** 9415/25 9903/25 9983/25 10374/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle an rannchuidiú maidir leis na gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta de na moltaí tírshonracha i ndáil le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha 2025 gach Ballstáit mar a liostaítear in 9983/25 iad agus d'fhormheas sí an nóta 'comhlíon nó mínigh' mar a leagtar amach in 10374/25.

**5.** **Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist** [2] 9417/25
*Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste Fostaíochta*

Thug an Chomhairle dá haire cur i láthair a rinne Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta ar Thuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**6.** **Conclúidí maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí** [2] 9321/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**7.** **Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19)** SC 9573/25 9634/25
*Díospóireacht bheartais*
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle i ndáil leis an Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún ná creideamh, míchumas, aois ná gnéaschlaonadh i réimsí seachas an fhostaíocht (Airteagal 19), ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach in 9634/25. Thug an Chomhairle dá haire freisin an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an Treoir atá beartaithe, mar a leagtar amach in 9573/25 í.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**8. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn i ré dhigiteach faoi thionchar na hintleachta saorga** [2] 9408/25 + ADD 1 REV 2 + ADD 2

*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na Conclúidí maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn i ré dhigiteach faoi thionchar na hintleachta saorga, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

Thíolaic an <u>Bhulgáir</u> agus an <u>Ungáir</u> ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**9. (a) Imeachtaí Uachtaránachta** [2] 9664/25

**(i) Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Comhionannais (Vársá, an 16 Aibreán 2025)**

**(ii) Comhdhálacha ardleibhéil**

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(b) Treochlár um Chearta na mBan** [2] 6756/25 + ADD 1

*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an Treochlár um Chearta na mBan.

(c) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta

*Faisnéis ón Danmhairg*

**(d) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** [1][C]

**(i) Athbhreithniú ar na rialacháin maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (883/04 agus 987/09)** 15642/16 + ADD 1 REV 1

**(ii) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha** 5837/24 + ADD 1

**(iii) Rialachán maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le daonra agus tithíocht** 5588/1/23 REV 1 + ADD 1

(iv) **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu** — 7721/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na tograí reachtacha thuas.

**(e) Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna** — 8155/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil i ndáil le Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna.

**(a) (ar lean) Imeachtaí Uachtaránachta** — 9664/25

**iii) Cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta (Vársá, an 14-15 Aibreán 2025)**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(f) Cosaint thapa pinsin a áirithiú do dhaoine a bhfuil a saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas feidhmithe acu (tionscnamh ón tSeicia)** — 9702/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le cosaint thapa pinsin a áirithiú do dhaoine a bhfuil a saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas feidhmithe acu.

**(g) Tuarascáil mheastóireachta ar an Údarás Eorpach Saothair** — 9644/25 + ADD 2
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an Tuarascáil mheastóireachta ar an Údarás Eorpach Saothair.

**<u>CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 20 MEITHEAMH 2025 (10.00)</u>**

<u>SLÁINTE</u>

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

10. **An Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla** ❶C 9066/25
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireachta bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

11. **Conclúidí maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach** [2] 9069/25
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na Conclúidí maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach.

12. **Bearta an Aontais maidir le cosc, lena n-áirítear caitheamh tobac agus alcóil a laghdú** [2] 9072/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> i ndáil le bearta an Aontais maidir le cosc, lena n-áirítear caitheamh tobac agus alcóil a laghdú, bunaithe ar nóta stiúrtha a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

13. (a) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Pacáiste cógaisíochta:** ❶C

(a) **Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine** 8759/23 + ADD 1

**(b) Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach** 8758/23 + ADD 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an bpacáiste cógaisíochta.

**(b) Teorainneacha idirnáisiúnta ar líon na bpáistí in aghaidh an deontóra speirme nó uibhe** 9548/1/25 REV 1
*Faisnéis ón tSualainn, le tacaíocht ón mBeilg, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón Rómáin agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón Rómáin agus ón bhFionlainn maidir le teorainneacha idirnáisiúnta ar líon na leanaí in aghaidh an deontóra speirme nó uibhe.

**(c) Comhrac na bréagaisnéise maidir le saincheisteanna sláinte** *Faisnéis ón nGearmáin, ón Eastóin, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Liotuáin agus ón tSlóivéin* 9620/1/25 REV 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin agus an tSlóivéin ar fáil maidir le comhrac na bréagaisnéise faoi shaincheisteanna sláinte.

**(d) Glao leanúnach práinneach ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun daoine óga a chosaint ar an díobháil a dhéanann táirgí nua tobac agus nicitín** 10129/2/25 REV 2
*Faisnéis ón mBeilg, ón Eastóin, ó Éirinn, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an tSlóivéin agus an Fhionlainn ar fáil maidir le glao leanúnach práinneach ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun daoine óga a chosaint ar dhíobháil a dhéanann táirgí tobac agus nicitín núíosacha.

**(e) Tionchar na freagrachta leathnaithe táirgeora faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh ar an soláthar táirgí íocshláinte** — 10153/1/25 REV1
*Faisnéis ón mBulgáir, ó Phoblacht na Seice, ón nGearmáin, ón gCróit, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Ungáir, ón Ostair, ón Rómáin agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin agus an tSlóivéin ar fáil maidir le tionchar na freagrachta leathnaithe táirgeora faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh ar an soláthar táirgí íocshláinte.

**(f) Comhdhálacha na hUachtaránachta** — 9540/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le comhdhálacha na hUachtaránachta.

(g) Caibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí agus le haghaidh leasuithe comhlántacha ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) — 9541/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

(h) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

---

An chéad léamh

Nós imeachta reachtach speisialta

Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**RÁITIS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACHTACH 'B' A LEAGTAR AMACH**

**IN 10018/25**

| | |
|---|---|
| **Mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Treoir maidir le tréimhsí oiliúna**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna chun cáilíocht agus rochtain ar chúrsaí oiliúna a fheabhsú. Mar sin féin, cuirimid in iúl gur cúis imní dúinn breisluach amhrasach na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna chomh maith leis an ualach riaracháin breise.

Leis an Treoir, d'fhéadfaí fostóirí a spreagadh chun tréimhsí oiliúna a chruthú ar chostas caidreamh fostaíochta agus rochtain ar thréimhsí oiliúna do dhaoine óga a laghdú. Ní thugann córas dlí na hEastóine aitheantas d'oiliúnaithe atá ag obair faoi chonradh fostaíochta. Sainmhínítear oiliúnaithe atá ag obair faoi chonradh fostaíochta mar fhostaithe a bhfuil cearta fostaíochta iomlána acu. Dá bhrí sin, creideann an Eastóin gur ar éigean a chuireann an Treoir feabhas ar staid na n-oiliúnaithe. Os a choinne sin, d'fhéadfaí, leis an Treoir, fostóirí a spreagadh caitheamh le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna ná mar a chaitear le hoibrithe.

Thairis sin, tá imní fós ar an Eastóin faoi shoiléireacht dhlíthiúil Airteagal 8 den Treoir maidir le ról ionadaithe na n-oibrithe sa nós imeachta breithiúnach. De réir théacs Airteagal 8, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar dhá chás éagsúla. Maidir le hionadaithe na n-oibre, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(1) *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh* […] in aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú;

agus

(2) *go mbeidh siad in ann gníomhú* […] thar ceann oiliúnaí amháin nó roinnt oiliúnaithe nó chun tacú leis nó léi nó leo i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid a eascraíonn as an Treoir seo […].

Tuigtear dúinn go gciallaíonn an dara cás (*go mbeidh siad in ann gníomhú* [...] *thar ceann oiliúnaí nó chun tacú leis nó léi*) ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte (rinneadh caibidlíocht ar úsáid sin an téarma *chun tacú leis nó léi* faoi chuimsiú ionstraimí dlí shibhialta, e.g. an Treoir frith-SLAPP). Mar sin féin, ní léir dúinn cad is brí leis an gcéad chás, murab ionann é agus ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte agus má rialaítear é mar oibleagáid ar leithligh.

De réir fhoclaíocht na forála, ba cheart don Bhallstát a áirithiú go mbeadh ionadaithe na n-oibrithe, nach ngníomhaíonn mar ionadaithe ná mar chomhairleoirí in imeachtaí cúirte, in ann a bheith rannpháirteach in imeachtaí breithiúnacha. Ní dhéantar foráil i ndlí nós imeachta sibhialta na hEastóine don fhéidearthacht sin, agus chuirfeadh an oibleagáid nua earnáilsonrach sin isteach ar neamhspleáchas nós imeachta Ballstáit agus ní féidir í a bheith mar sprioc ag dlí an Aontais.

Le linn na caibidlíochta i gComhairle an Aontais Eorpaigh, d'iarramar soiléiriú ar a bhfuil i gceist le *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i* […] *nós imeachta* […] *breithiúnach chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*, murab ionann é agus ionadaíocht nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte; tá moltaí d'fhoclaíocht Airteagal 8 curtha ar fáil againn, chomh maith le moladh le haghaidh fhoclaíocht na haithrise.

Tuigimid an Coimisiún ar bhealach a fhágann nach gá do na Ballstáit a ndlí nós imeachta sibhialta a athrú chun freagairt don chéad chás a leagtar síos in Airteagal 8 (*Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ionadaithe oibrithe in ann páirt a ghlacadh* [...] *in aon nós imeachta breithiúnach ábhartha* [...] *chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*).

Ós rud é go gceadaítear léirmhíniú difriúil le téacs na Treorach, tugaimid dár n-aire go léirmhíníonn an Eastóin an chéad chás a rialaítear in Airteagal 8 ar bhealach nach gá don Eastóin a dlí nós imeachta a athrú chun ceanglais Airteagal 8 a chomhlíonadh. Ba leor, de réir dhlí nós imeachta na hEastóine, go bhféadfadh an t-oiliúnaí ionadaithe oibrithe a úsáid mar ionadaí nó mar chomhairleoir in imeachtaí cúirte (an dara cás d'Airteagal 8).

Bunaithe ar an méid thuas, níl an Eastóin in ann tacú leis an Treoir.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

Ba dhíol sásaimh don Spáinn an togra le haghaidh Treorach a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2024. D'fhreagair an togra sin do thátal soiléir: rómhinic, tá tréimhsí oiliúna á n-úsáid go calaoiseach chun gnáthchaidrimh fostaíochta, a bhfuil easpa ceart agus cosanta i gceist leo, a cheilt.

Ní chomhlíonann an togra atá á chur isteach lena fhormheas inniu na híoschaighdeáin is gá chun fíorchreat rialála Eorpach a bhunú le haghaidh tréimhsí oiliúna ardcháilíochta. Ní bhaintear amach na bunchuspóirí leis agus tá an baol ann go ndaingneofar na cleachtais mhí-úsáideacha chéanna a bhféachtar lena ndíothú leis.

Cuirtear raon feidhme róchúng i láthair sa téacs agus lagaítear nó baintear na príomhfhorálacha maidir le maoirseacht, forfheidhmiú agus oibleagáidí fostóirí. Ba phríomhcholúin iad sin den chur chuige tosaigh. Ina theannta sin, ní ráthaítear leis go bhfuil tréimhsí oiliúna neamhfhostaíochta saor ó dhúshaothrú, ná ní chuireann sé cosc iomlán ar chóir idirdhealaitheach.

Ní mór do rialachán Eorpach maidir le tréimhsí oiliúna rannchuidiú go fóinteach le lánpháirtiú daoine óga i margadh an tsaothair. Ba cheart oiliúint ardcháilíochta, cearta agus fíordheiseanna don fhostaíocht chobhsaí a bheith mar thoradh ar an gcéim luath sin dá ngairmréim – seachas obair fhorbhásach a bheith mar thoradh uirthi.

Leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht sin ina huirlis úsáideach, uaillmhianach agus chomhsheasmhach le prionsabail na hEorpa sóisialta agus Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

| | |
|---|---|
| **<u>Mír 8 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn i ré dhigiteach faoi thionchar na hintleachta saorga**<br>*Formheas* |

## RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

'Is den mhórthábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine agus athdhearbhaíonn sí a tiomantas an comhionannas a áirithiú agus an t-idirdhealú a chomhrac mar bhunluachanna de chuid an Aontais Eorpaigh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' atá ar neamhréir le bunphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Thairis sin, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil in 2021 nár cheart an coincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht a thuiscint, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, ach amháin ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná).

Ag aithint di a thábhachtaí atá an t-ábhar agus na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an intleacht shaorga a úsáid chun comhionannas inscne a chur chun cinn, tacaíonn an Bhulgáir le glacadh na gConclúidí, á dhearbhú di go léirmhíníonn sí an téarmaíocht uile a bhaineann le hinscne iontu go docht laistigh de choincheap dénártha an ghnéis. Ina theannta sin, léirmhíneoidh sé an téarma 'cur chuige trasnach' go heisiach i gcomhthéacs na bhforas idirdhealaitheach a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga*: *an 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais.*

Dearbhaíonn an Ungáir i ndáil le Straitéis an Choimisiúin maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 (COM(2020)152 final) a luaitear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga*: Ba cheart an *6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais* a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.

Ina theannta sin, dearbhaíonn an Ungáir i ndáil leis an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 ón gCoimisiún (COM(2020)698 final) dá dtagraítear sna *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga*: Ba cheart an *6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais* a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.’